Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Márta 2026**
**(OR. en)**

**13566/2/25**
**REV 2**

**CO EUR-PREP 34**
**POLGEN 155**
**ECOFIN 1296**
**EMPL 423**
**SOC 648**
**COMPET 965**
**ENV 950**
**MI 761**
**IND 416**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Seimeastar Eorpach 2026<br>– Treochlár nuashonraithe |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an treochlár nuashonraithe don Seimeastar Eorpach, mar a d'ullmhaigh an uachtaránacht agus an uachtaránacht inteachta é.

D'ullmhaigh an uachtaránacht agus an uachtaránacht inteachta an treochlár nuashonraithe seo chun príomhbhearta thimthriall Sheimeastar Eorpach 2026 a leagan amach.

Is é is cuspóir don treochlár a áirithiú go n-oibreoidh foirmíochtaí ábhartha uile na Comhairle agus a gcomhlachtaí ullmhúcháin ar bhealach comhordaithe comhsheasmhach chun díospóireachtaí na Comhairle Eorpaí maidir leis an Seimeastar Eorpach a ullmhú go críochnúil, agus chun a chur ar chumas Coreper agus na Comhairle Gnóthaí Ginearálta maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas.

# AN CHÉAD CHÉIM

## AN TRÉIMHSE ROIMH CHOMHAIRLE EORPACH MHÍ AN MHÁRTA

**An 10 Deireadh Fómhair 2025: an Chomhairle Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais**

– Seimeastar Eorpach 2025: Ceachtanna a foghlaimíodh – S*eisiún tuairimíochta*

**An 15 Deireadh Fómhair 2025**

– A ndréachtphleananna buiséadacha tíolactha ag Ballstáit an limistéir Euro

**An 17 Deireadh Fómhair 2025: an Chomhairle Fostaíochta, Beartais Shóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí**

– Príomhtheachtaireachtaí ón gCoiste Fostaíochta bunaithe ar an Tuarascáil Bhliantúil ar Fheidhmíocht na Fostaíochta agus ar an Monatóir ar Fheidhmíocht na Fostaíochta (2025) – *Formhuiniú*

– Príomhtheachtaireachtaí ón gCoiste um Chosaint Shóisialta bunaithe ar an Athbhreithniú Bliantúil ar an Monatóir ar Fheidhmíocht na Cosanta Sóisialta (2025) – *Formhuiniú*

**An 27 Deireadh Fómhair 2025: an Chomhairle Talmhaíochta agus Iascaigh**

– Cinneadh ón gComhairle maidir le treoirlínte do bheartais fostaíochta na mBallstát – *Glacadh*

**An 25 Samhain 2025: Pacáiste an Fhómhair don Seimeastar Eorpach**

– Cur i láthair ón gCoimisiún:

  – Tuarascáil 2026 maidir leis an Sásra Foláirimh, Moladh le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro do 2026 agus Togra le haghaidh Tuarascáil Chomhpháirteach 2026 ar Fhostaíocht

  – Teachtaireacht Fhioscach Chothrománach lena gcumhdaítear na Ballstáit uile (lena n-áirítear measúnú ar chomhlíonadh fhorálacha an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis)

  – Tuairimí ón gCoimisiún maidir le dréachtphleananna buiséadacha 2026

  – Tuarascáil faoi Airteagal 126(3) CFAE

  – Moladh maidir le caipiteal daonna san Aontas Eorpach

**An 1 Nollaig 2025: an Chomhairle Fostaíochta, Beartais Shóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí**

– Seimeastar Eorpach 2026 – Pacáiste an Fhómhair – *Cur i láthair ón gCoimisiún agus díospóireacht bheartais*

– Príomhtheachtaireachtaí ón gCoiste Fostaíochta agus ón gCoiste um Chosaint Shóisialta maidir le cur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir le haistriú cothrom i dtreo na haeráidneodrachta – *Formhuiniú*

**Nollaig 2025 – Eanáir 2026**

– Ullmhaíonn an Coiste um Beartas Eacnamaíoch i bhformáid an Ghrúpa Euro agus Meitheal an Ghrúpa Euro (Comhaltaí Malartacha) an dréachtmholadh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro, lena n-áirítear an rannchuidiú comhpháirteach ón gCoiste Fostaíochta agus ón gCoiste um Chosaint Shóisialta lena gcumhdaítear gnéithe fostaíochta agus sóisialta

– Ullmhaíonn an Coiste Eacnamaíoch agus Airgeadais agus a fhochoistí Moladh ón gComhairle atá dírithe ar na Ballstát faoi nós imeachta um easnamh iomarcach

**An 11 Nollaig 2025: an Grúpa Euro**

– Measúnú ar dhréachtphleananna buiséadacha Bhallstáit an limistéir euro agus ar staid bhuiséadach agus ionchais bhuiséadacha an limistéir euro – *Ráiteas ón nGrúpa Euro*

**An 12 Nollaig 2025: an Chomhairle Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais**

– Seimeastar Eorpach 2026: Tuarascáil 2026 maidir leis an Sásra Foláirimh, agus moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro – *Cur i láthair ón gCoimisiún agus seisiún tuairimíochta*

**An 16 Nollaig 2025: an Chomhairle Gnóthaí Ginearálta**

– Seimeastar Eorpach 2026 – Treochlár – *Cur i láthair ón Uachtaránacht agus ón Uachtaránacht inteachta*

**An 19 Eanáir 2026: an Grúpa Euro**

– Dréachtmholadh 2026 ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro – *Plé ar thosaíochtaí*

**An 20 Eanáir 2026: an Chomhairle Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais**

– Seimeastar Eorpach 2026
    – Conclúidí i ndáil le Tuarascáil 2026 maidir leis an Sásra Foláirimh – *Formheas*
– Cur chun feidhme an chreata rialachais eacnamaíoch
    – Cinneadh agus Moladh ón gComhairle faoin nós imeachta um easnamh iomarcach – *Glacadh*

**An 16 Feabhra 2026: an Grúpa Euro**

– Moltaí 2026 ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro – *Plé*

**An 17 Feabhra 2026: an Chomhairle Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais**

– Seimeastar Eorpach 2026

  – Moltaí 2026 ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro – *Formheas*

**An 23-24 Feabhra 2026 – Parlaimint na hEorpa: Seachtain Pharlaiminteach Sheimeastar Eorpach 2026**

– Díospóireacht idir comhaltaí na gcoistí ábhartha ó Pharlaimint na hEorpa agus na bparlaimintí náisiúnta

**An 9 Márta 2026: an Chomhairle Fostaíochta, Beartais Shóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí**

– Seimeastar Eorpach 2026: *Seisiún tuairimíochta*

  – Gnéithe fostaíochta agus sóisialta de Mholadh 2026 ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro – *Formheas*

  – Tuarascáil Chomhphháirteach 2026 ar Fhostaíocht – *Glacadh*

  – Conclúidí maidir leis an Tuarascáil Chomhphháirteach 2026 ar Fhostaíocht – *Formheas*

  – Moladh maidir le caipiteal daonna san Aontas Eorpach – *Glacadh*

  – Príomhtheachtaireachtaí ón gCoiste Fostaíochta maidir le cur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir le Nasc leis an bhFostaíocht – an Ráthaíocht don Aos Óg a threisiú — *Formhuiniú*

**Mí an Mhárta 2026: Suí iomlánach Pharlaimint na hEorpa**

– Díospóireacht chomhpháirteach maidir leis an Seimeastar Eorpach

**An 17 Márta 2026: an Chomhairle Gnóthaí Ginearálta**

– Ullmhúchán do Chomhairle Eorpach mhí an Mhárta:

  – Seimeastar Eorpach 2026 – Tuarascáil sintéise – *Seisiún tuairimíochta*

  – Seimeastar Eorpach 2026 – Treochlár nuashonraithe – *Cur i láthair ón Uachtaránacht*

  – Moladh 2026 ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro – *Tarchur chuig an gComhairle Eorpach*

**An 19-20 Márta 2026: an Chomhairle Eorpach**

– Seisiún tuairimíochta maidir le staid eacnamaíoch agus fostaíochta na mBallstát

– Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro – *Formhuiniú*

## AN DARA CÉIM

## AN TRÉIMHSE ROIMH CHOMHAIRLE EORPACH MHÍ AN MHEITHIMH

**Lár mhí Aibreáin 2026**

– Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin: Anailís tíre dara céim ar chóineasú sóisialta i gcomhréir le gnéithe an Chreata maidir le Cóineasú Sóisialta – *Arna fhoilsiú ag an gCoimisiún*

**Aibreán 2026: An Chomhairle**

– Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro – *Glacadh*

**Roimh an 30 Aibreán 2026**

– Tuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn á gcur isteach ag na Ballstáit

**Mí na Bealtaine 2026**

– Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin: grinn-athbhreithnithe faoin Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha – *Foilseacháin de chuid an Choimisiúin*

– Téann an Coiste um Beartas Eacnamaíoch (agus roimhe sin, a mheitheal LIME) i mbun plé bunaithe ar na grinn-athbhreithnithe faoin Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha

**An 3 Meitheamh 2026: Pacáiste an Earraigh don Seimeastar Eorpach**

– Foilseachán ón gCoimisiún:
  – Moltaí le haghaidh Moltaí ón gComhairle (moltaí tírshonracha); Tuarascálacha Tíre
  – Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le treoirlínte le haghaidh bheartais fostaíochta na mBallstát
  – Cinntí maidir le haicmiú míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha faoin Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha
  – (b'fhéidir) An nós imeachta um easnamh iomarcach: Tuarascáil de bhun Airteagal 126(3) CFAE

  - (b’fhéidir) Cur chun feidhme an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis: Tograí le haghaidh Cinntí ón gComhairle faoin Nós Imeachta um Easnamh Iomarcach

**Meitheamh – Iúil 2026**

- Téann an Coiste Eacnamaíoch agus Airgeadais, an Coiste um Beartas Eacnamaíoch, Comhaltaí Malartacha an Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais, an Coiste Fostaíochta agus an Coiste um Chosaint Shóisialta i mbun obair ullmhúcháin maidir leis na moltaí tírshonracha do 2026 agus an nóta cothrománach a fhormhuiniú

- (b’fhéidir) Obair an Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais agus a fhochoistí ar Chinntí/Moltaí ón gComhairle faoin nós imeachta um easnamh iomarcach

- Téann an Coiste Eacnamaíoch agus Airgeadais agus an Coiste um Beartas Eacnamaíoch i mbun obair ullmhúcháin ar na conclúidí maidir leis na grinn-athbhreithnithe faoin Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha

**An 12 Meitheamh 2026: an Chomhairle Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais**

- Seimeastar Eorpach 2026: Pacáiste an Earraigh – *Cur i láthair ón gCoimisiún*

- (b’fhéidir) Cur chun feidhme an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis: Cinntí ón gComhairle faoin Nós Imeachta um Easnamh Iomarcach – *Glacadh*

**An 16 Meitheamh 2026: an Chomhairle Gnóthaí Ginearálta**

- Ullmhúchán do chruinniú mhí an Mheithimh den Chomhairle Eorpach

  - Seimeastar Eorpach 2026: nóta cothrománach maidir leis na moltaí tírshonracha comhtháite – *Formheas agus tarchur chuig an Chomhairle Eorpach*

**An 18-19 Meitheamh 2026: an Chomhairle Eorpach**

- Conclúidí

  - Seimeastar Eorpach 2026: nóta cothrománach maidir leis na moltaí tírshonracha comhtháite – *Plé ar chonclúid*

**An 29 Meitheamh 2026: an Chomhairle Fostaíochta, Beartais Shóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí**

– Seimeastar Eorpach 2026: Pacáiste an Earraigh – *Cur i láthair ón gCoimisiún agus seisiún tuairimíochta*

  – Measúnú ar na moltaí tírshonracha do 2026 agus cur chun feidhme na moltaí tírshonracha do 2025: Tuairim ón gCoiste Fostaíochta agus ón gCoiste um Chosaint Shóisialta – *Formhuiniú*

  – Ionchur maidir le gnéithe fostaíochta agus beartas sóisialta na moltaí tírshonracha: Moltaí i ndáil leis na beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúrtha agus bhuiséadacha i ngach Ballstát – *Formheas*

**An 10 Iúil 2026: an Chomhairle Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais**

– Seimeastar Eorpach 2026

  – Moltaí tírshonracha – *Glacadh*

  – Conclúidí maidir le grinn-athbhreithnithe faoin Nós imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha – *Formheas*

– (b’fhéidir) Cur chun feidhme an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis: Cinntí agus Moltaí ón gComhairle faoin nós imeachta um easnamh iomarcach – *Glacadh*